



An Chéad Tonn Eile

Straitéis Scileanna BIM le haghaidh Bia
Mara Inbhuanaithe
Earnáil 2023-2028



Clár na nÁbhar

Achoimre Fheidhmeach	04
Ról BIM	04
Ról BIM maidir le tallann agus scileanna tionscail a fhorbairt	04
Conairí gairme fiúntacha a chruthú	05
Misean BIM	06
Comhthéacs	07
Nádúr athraitheach na hearnála bia mara	07
Fás an tionscail amach anseo	09
Scileanna chun Earnáil Bia Mara Inbhuanaithe na hÉireann a chur chun cinn	10
Éileamh ar oiliúint BIM	10
Straitéis scileanna traseagraíochta	11
Oiliúint a bhfuil a gcáilíocht dearbhaithe	11
Ag tacú le cuimsiú agus inrochtaineacht	13
Conas a chuireann BIM oiliúint ar fáil	13
Aidhmeanna Straitéiseacha	14
Tomhas agus tionchar	29
Conclúid	29

Achoimre Fheidhmeach

Tugtar breac-chuntas sa doiciméad seo ar chur chuige straitéiseach Bhord Iascaigh Mhara (BIM), Gníomhaireacht Forbartha Bia Mara na hÉireann, chun dul i ngleic leis na dúshláin agus na deiseanna atá roimh earnáil bhia mara na hÉireann trí oiliúint nua-aimseartha, ghairmiúil, uas-sciliú agus oideachas a sholáthar.

Ról BIM

Is é BIM an Ghníomhaireacht Stáit a thacaíonn agus a fhorbraíonn earnáil bhia mara na hÉireann, a chuireann oiliúint, saineolas teicniúil, tacaíocht ghnó agus maoiniú ar fáil.

Ról BIM maidir le tallann agus scileanna tionscail a fhorbairt

De réir mar a leanann tionscal bia mara na hÉireann ag forbairt, is é ról BIM an tacaíocht agus na seirbhísí a chur ar fáil chun uas-sciliú a dhéanamh orthu siúd a oibríonn i dtionscal bia mara na hÉireann nó a d'fhéadfadh dul isteach ann. Áirítear leis sin iascairí, oibreoirí dobharshaothraithe,

próiseálaithe bia mara, miondóltóirí agus gnólachtaí seirbhíse bia. Is iad seo a leanas ár bpríomhghcealltanais faoin straitéis seo:

- Na scileanna atá ag teastáil a chur ar fáil chun tacú le hearnáil bia mara nua-aimseartha, shábháilte, phroifisiúnta, inbhuanaithe agus bhrabúsach in Éirinn.
- Cuideachtaí a aithint agus tacú leo, agus comhairle a chur ar gnólachtaí conas a gcuid fostaithe a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil.
- Oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil do bhaill teaghlaigh atá ina gcuid riachtanach ach nach bhfeictear go minic i gnólachtaí bia mara teaghlaigh.

Tá na scileanna atá ag teastáil ó earnáil bhia mara na hÉireann ag athrú go suntasach. Cé go bhfuil scileanna traidisiúnta fós thar a bheith tábhachtach agus go bhfuil siad i gcroílár na hoiliúna a chuireann BIM ar fáil, tá an t-uathoibriú ar fud na hearnála ag méadú. Mar thoradh air sin, tá scileanna nua ag teastáil a léiríonn teicneolaíocht nua, rialacháin nua agus éilimh an mhargaidh nua.

Is príomhthosaíocht é iontrálaithe nua a mhealladh isteach san earnáil. Tá sé i gceist againn líon na n-iontrálaithe nua ar fud na hearnála a mhéadú, trí aird a tharraingt ar na deiseanna atá ann do ghairm bheatha spreagúil agus sásúil, idir iascaireacht agus dhobharshaothrú, innealtóireacht agus margaíocht.

Conairí gairme fiúntacha a chruthú

Tá cruthú agus cumarsáid conairí gairme ríthábhachtach chun iontrálaithe nua a chothabháil agus a fhorbairt ionas gur féidir leo leanúint lena bhforbairt phraiticiúil agus ghairmiúil agus gairm bheatha thairbheach ar feadh an tsaoil a bheith acu in earnáil an bhia mara.

Ní mór leanúint de na cláir scileanna a chuireann BIM ar fáil a sheachadadh ar an mbealach is fearr a oireann d'fhoghlaimeoirí. Ina theannta sin, tá gá le cláir nua uasoiliúna chomh maith le forbairt phearsanta agus ghnó chun gnólachtaí de gach méid a fhás agus chun na scileanna atá ag teastáil a sholáthar dóibh ionas go n-éireoidh leo.

Léiríonn an straitéis seo príomhaidhmeanna na mbeartas náisiúnta scileanna agus oideachais sa Straitéis Náisiúnta Scileanna 2023 – 2028, agus tagairt ar leith á déanamh do Thosaíocht 1 ina luaitear gur cheart d'Éirinn na nithe seo a leanas a dhéanamh chun cothromaíocht scileanna a bhaint amach ar bhealach níos fearr:

- Eolas agus treoir a fheabhsú do dhaoine aonair maidir le conairí foghlama agus gairme.
- Conairí foghlama agus gairme a neartú le linn an tsaoil.
- Soláthar oideachais agus oiliúna a dhéanamh níos freagrúla do riachtanais scileanna atá ag athrú.

Cur chuige náisiúnta níos leithne i leith na hoiliúna a fhorbairt, ionas go mbainfidh foghlaimeoirí agus fostóirí leas as. Leanfaidh BIM ag forbairt a ról mar sholáthraí oiliúna muirí seanbhunaithe gairmiúil, agus cuirfidh sé ar chumas gach comhpháirt den earnáil bia mara fás.

Misean BIM

‘Chun tacú le, agus chun méadú fiúntais maidir le hearnáil bia mara inbhuanaithe na hÉireann a chumasú, trasna shlabhra an tsoláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir.’

Tá sé mar aidhm ag Straitéis BIM ‘Casadh na Taoide’ 2022 go 2026 misean agus fís na gníomhaireachta a sheachadadh i gcomhthéacs tréimhsí thar a bheith dúshlánach don earnáil.



Comhthéacs

Cuireann earnáil bhia mara na hÉireann go mór leis an ngeilleagar náisiúnta. Tá ról lárnach ag an bpróiseas a bhaineann le gabháil, fás agus luach táirgí a mhéadú trí phróiseáil bia mara, miondíol agus seirbhís bia i gcreatlach chultúrtha, shóisialta agus eacnamaíoch na bpobal cósta. Is féidir inbhuanaitheacht agus forbairt an tionscail seo a bhaint amach de bharr lucht saothair nua-aimseartha, gairmiúil agus oilte.

In 2022, b'fhiú €1.3 billiún earnáil bhia mara na hÉireann. Tá 1,993 ártach iascaireachta cláraithe sa tionscal, 101 próiseálaí bia mara faofa agus gníomhach agus 296 láithreán dobharshaothraithe. Is ionann an earnáil go díreach agus go hindíreach agus beagnach 16,000 fostaí, agus tá go leor acu lonnaithe i bpobail cois cósta.

Nádúr Athraitheach na hEarnála Bia Mara

Sháraigh earnáil bhia mara na hÉireann dúshláin le blianta beaga anuas. Spreag tionchar an Bhreitheachta an tAire

Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, T.D., Tascfhórsa Bia Mara an Rialtais a bhunú chun breithniú a dhéanamh ar bhearta chun na tionchair sin a mhaolú. Mhol an grúpa réimse leathan scéimeanna a cuireadh i bhfeidhm tríd an gCúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta. I measc na scéimeanna tá tacaíochtaí um athstruchtúrú cabhlach don earnáil gabhála, infheistíocht chaipitil shuntasach do na hearnálacha próiseála agus dobharshaothraithe, chomh maith le tacaíochtaí don gheilleagar gorm chun pobail chósta a neartú agus a fheabhsú, atá ag brath go háirithe ar an tionscal bia mara.

Chomh maith leis na dúshláin tá deiseanna suntasacha ann. Tá an t-éileamh domhanda ar bhia mara ag méadú agus leanfaidh sé ag ardú go ceann deich mbliana, i gcomhar leis an bhfás ar dhaonra an domhain. Tá lorg carbóin an-íseal ag Bia Mara agus tá sé sláintiúil agus inbhuanaithe araon. Is é ról BIM na scileanna atá de dhíth ar an earnáil sa lá atá inniu ann - agus amach anseo - a réamh-mheas, a fhorbairt agus a sheachadadh chun na dúshláin a sheasamh, leas a bhaint as



na deiseanna agus fanacht inbhuanaithe.

Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo aghaidh a thabhairt ar roinnt dúshlán. I measc na ndúshlán sin tá iomaíocht mhéadaithe don lucht saothair, easpa dul chun cinn gairme sa tionscal a shíltear a bheith ann agus an gá atá le hiontrálaithe nua agus scileanna nua chun aghaidh a thabhairt ar na deiseanna le haghaidh bia mara inbhuanaithe. I measc na scileanna nua sin tá scileanna teicniúla, bainistíocht an tslabhra soláthair, nuálaíocht agus scileanna gnó.

Fás an tionscail amach anseo

Gné ríthábhachtach d'fhás na gcuideachtaí seo amach anseo is ea scileanna ceannaireachta na gceannairí gnó reatha agus na chéad ghlúine eile de cheannairí gnó inár n-earnáil a fhorbairt. Cuirfimid oiliúint fhreagrach, nua-aimseartha agus inrochtana ar fáil do na ceannairí seo go tapa. Léiríonn taighde go bhféadfadh go mbeadh roinnt ról laistigh den tionscal bia mara a bheith ina rogha

gairme neamhtharraingtheach d'iontrálaithe nua féideartha. Déanann an straitéis seo iarracht dul i ngleic leis na saincheisteanna sin.

Ar fud na hearnála bia mara, d'fhéadfadh fostaithe a bheith ag obair i ról éagsúla lena n-áirítear teicneolaíocht phróiseála cheannródaíoch a bhainistiú, margaí nua a fhorbairt, luach a chur leis trí nuálaíocht, aghaidh a thabhairt ar lóistíocht chasta agus máistreacht a fháil ar chórais sábháilteachta bia.

Tá meascán de scileanna praiticiúla agus digiteacha ag teastáil ionas go mairfidh comhlachtaí bia mara agus go mbeidh rath orthu sa timpeallacht nua-aimseartha.

Is príomhchumasóirí iad scileanna inaistrithe agus litearthacht dhigiteach chun earnáil sofhreagrúil a fhorbairt – d'fhéadfadh iascairí rogha a dhéanamh iascaireacht a dhéanamh go séasúrach agus oibriú san earnáil mhuirí níos leithne ag amanna eile. Beidh sé ríthábhachtach réimse níos leithne scileanna a sholáthar don

earnáil ionas go mbeidh gairm ilghnéitheach acu laistigh den earnáil mhuirí do dhaoine a bhfuil slí bheatha inbhuanaithe acu agus iad ina gcónaí agus ag cur lenár bpobail chósta.

Scileanna chun Earnáil Bia Mara Inbhuanaithe na hÉireann a chur chun cinn

Tacóidh BIM leis na scileanna cuí dár gcliaint agus cuirfidh sé ar a gcumas cur go héifeachtach le tionscal inbhuanaithe bia mara. Tá forbairt na scileanna chun ár dtimpeallacht nádúrtha a chosaint, agus samhail ghnó inbhuanaithe agus bhrabúsach á feidhmiú ag an am céanna ríthábhachtach d'fhás agus do rath leanúnach na hearnála.

Forbróimid réimse clár agus modúl inbhuanaitheachta ar fud sheirbhísí oiliúna agus cliant BIM, chun forbairt scileanna, eolais agus léargais inbhuanaitheachta a chur chun cinn.

Éileamh ar Oiliúint BIM

Gach bliain, cuireann BIM os cionn 1,000 áit oiliúna foirmiúil ar fáil do mhic léinn.

Cuirtear uas-sciliú ar fáil trí réimse leathan cúrsaí, ábhar agus áiteanna. Cuireann sé sin cláir i sábháilteacht mhuirí, cumarsáid raidió, teastais inniúlachta, loingseoireacht, inniúlacht bád paisinéirí, tumadóireacht tráchtála, scileanna ceannaithe éisc agus cláir cheannaireachta san áireamh. I measc na gclár sin tá cláir ghearra agus cláir níos faide a mhaireann roinnt míonna.

Is tacaíocht thar a bheith tábhachtach, infheicthe agus inaitheanta iad na háiseanna oiliúna agus foireann BIM don earnáil. Filleann go leor mac léinn ar BIM chun a gcuid scileanna agus gairmeacha beatha a fhorbairt. Cruthaíonn sé seo naisc láidre agus caidrimh idir BIM agus ár gcliaint.

Cuirtear cuid mhór de na cláir oiliúna foirmiúla, chreidiúnaithe BIM ar fáil thar ceann Oifig na Suirbhéireachta Muirí (MSO), laistigh den Roinn Iompair.

Ceanglaítear ar iascairí tabhairt faoi réimse oiliúna le bheith cáilithe go dlíthiúil chun dul chun farraige agus ról riachtanacha a ghlacadh ar shoithí iascaireachta ar bhealach sábháilte. D'fhéadfadh na cláir seo

a bheith ina n-oiliúint éigeantach atá ag teastáil chun oibriú ar muir ar dtús nó chun dul ar aghaidh trí chlár níos faide agus níos forbartha chun a gcuid scileanna agus a ngairm a fhorbairt.

Déanann QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) roinnt clár lena n-áirítear tumadóireacht, scileanna ceannaithe éisc agus innealtóireacht soithí iascaireachta a bhailíochtú, as a dtagann dámhachtainí ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Ina theannta sin, cuireann BIM clár neamhchreidiúnaithe ar fáil ina bhfaigheann foghlaimoirí Teastas Tinrimh BIM.

Filleann go leor iascaire ar BIM chun a gcuid scileanna agus gairmeacha beatha a fhorbairt. Cruthaíonn sé seo naisc láidre agus caidrimh idir BIM agus ár gcliaint.

Straitéis Scileanna Traseagraíochta

Déantar breithniú sa straitéis seo ar an raon iomlán oiliúna agus uasoiliúna a chuirtear ar fáil ar fud BIM. Is é Aonad Scileanna na heagraíochta a chuireann oiliúint fhoirmiúil chreidiúnaithe BIM ar fáil faoi láthair.

Ina theannta sin, cuirtear oiliúint eile, tacaíocht ghnó agus aistriú eolais ar fáil do chliaint i ngach earnáil iascaireachta, dobharshaothraithe agus próiseála, miondíola agus seirbhísí bia.

Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil ar fud aonaid ghnó BIM, ag uasmhéadú fairsinge an tsaineolais agus an eolais bia mara laistigh den eagraíocht.

Oiliúint a bhfuil a gCáilíocht Dearbhaithe

Tá ár gcóras dearbhaithe cáilíochta, atá faofa ag QQI, mar bhonn agus mar thaca ag an ardchaighdeán oiliúna a chuireann BIM ar fáil.



Leanann Aonad Seirbhísí Forbartha Scileanna BIM (SDS) ar aghaidh ag forbairt an chórais seo, as ar eascair rialachas feabhsaithe agus a chinntíonn go bhfanann cláir oiriúnach don fheidhm.

Mar sholáthraí oiliúna atá faofa ag QQI, is féidir le BIM cláir oideachais a fhorbairt agus a sheachadadh as a dtiocfaidh Dámhachtainí NFQ (An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí). Tá sé seo ríthábhachtach chun cláir a fhorbairt a dhéanfaidh gairmiúlacht ar an earnáil agus a chuirfidh cáilíochtaí ar fáil d'fhoghlaimeoirí atá inaistrithe, aitheanta go hidirnáisiúnta agus a thacóidh le dul chun cinn gairme.

Comhlíonann an córas bainistíochta láimhe cáilíochta chun oiliúint agus oideachas muirí a sheachadadh i gColáistí Náisiúnta lasaigh na hÉireann BIM (NFCl) riachtanais ISO 9001:2015.

Cuireann an córas seo cur chuige comhordaithe i bhfeidhm maidir le foghlaim, ag cinntiú go bhfaigheann mic léinn an t-ardchaighdeán céanna de chláir oiliúna ar fud na láithreán oiliúna go léir.

Bunaíodh Coiste Oiliúna agus Forbartha BIM in 2020 mar fhochoiste de Bhord BIM. Tugann an grúpa comhairle agus tacaíocht do chur chun cinn

Straitéis Oiliúna agus Forbartha BIM. Áirítear leis seo na Coláistí agus na hAonaid Oiliúna Cósta, chomh maith le hoiliúint a chuirtear ar fáil do chliaint ar fud BIM, mar aon le tosaíochtaí straitéiseacha cuí a leagan síos.

Tá comhairle acadúil ar leith bunaithe ag BIM freisin atá freagrach as gach ábhar rialachais acadúil san aonad SDS lena n-áirítear forbairt churaclaim, measúnú ar mhic léinn, dearbhú cáilíochta agus cothabháil caighdeán acadúil. Feidhmíonn an chomhairle acadúil mar “chara criticiúil” leis an aonad SDS maidir le dearbhú cáilíochta, cúrsaí oideachais, forbairt clár agus leasanna foghlaimeora.

Ag Tacú le Cuimsiú agus Inrochtaineacht

Tá BIM tiomanta do thacú le héagsúlacht, inrochtaineacht agus cuimsiú méadaithe san earnáil bia mara, trína chinntiú go bhfuil ár dtacaíochtaí cuimsitheach agus go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais réimse éagsúil foghlaimeoirí. Táimid tiomanta cloí leis an gcleachtas is fearr ionas go gcaitear go cothrom le gach mac

léinn agus cliant, agus le meas, ag gach céim.

Cuirfimid tacaíochtaí airgeadais ar fáil d'fhoghlaimeoirí, agus cuirfimid oiliúint ar fáil i bhformáidí inrochtana atá dírithe ar éagsúlacht ár bhfoghlaimeoirí a mhéadú. Cuirfidh BIM cóiríocht réasúnta ar fáil laistigh de chlár do gach mac léinn, ionas go mbeidh an deis chéanna acu clár oiliúna BIM a chríochnú go rathúil.

Conas a chuireann BIM oiliúint ar fáil

Tá ár luachanna mar bhonn agus mar thaca ag an mbealach a n-oibrímid le chéile, lenár bhfoghlaimeoirí agus lenár bpáirtithe leasmhara.

1. Dírithe ar an bhFoghlaimeoir

Táimid dírithe ar fhoghlaimeoirí agus freagrúil. Tá sé mar aidhm againn gníomhú i gcónaí ar mhaithe le leas ár bhfoghlaimeoirí. Cuirimid an foghlaimeoir i gcroílár ár gcuid oibre agus spreagaimid aiseolas ó pháirtithe leasmhara.

2. Dírithe ar an Tionscal

Tá freagracht orainn freastal ar riachtanais oiliúna na n-earnálacha tionscail ar a bhfreastalaímid. Áirítear leis an bhfreagracht seo oibriú le cliaint chun na riachtanais oiliúna amach anseo a aithint, agus cláir agus seirbhísí a sheachadadh ar bhealach solúbtha, a fhreagraíonn do dhálaí an mhargaidh agus do riachtanais na gcliant atá i réim.

3. Dírithe ar Cháilíocht

Mar eagraíocht foghlama, tá BIM tiomanta do cháilíocht a gclár agus a seirbhísí a mheas agus a fheabhsú go leanúnach chun freastal ar riachtanais athraitheacha a bpáirtithe leasmhara. Déanann BIM iarracht smaointe nua, na réitigh is fearr agus feasacht nua a fháil agus a scaipeadh. Tá sé seo mar bhonn agus taca lenár gcur chuige maidir le cáilíocht a chinntiú inár soláthar oiliúna.

4. Comhoibriúch

Lorgaíonn BIM comhoibriú le soláthraithe oiliúna eile agus le comhpháirtithe straitéiseacha

chun ár dtairiscint a leathnú agus a fhorbairt agus chun ár raon a leathnú ar mhaithe lenár bhfoghlaimoírí agus leis an tionscal.

5. Gairmiúil

Oibríonn BIM de réir na gcaighdeán is airde seirbhíse poiblí maidir le cuntasacht, éifeachtacht, freagrúlacht agus éifeachtúlacht. Tá sé mar aidhm againn barr feabhais a bhaint amach i ngach rud a ndéanaimid. Caithimid le gach duine le meas, dínit agus cúirtéis. Feidhmímid agus déanaimid cinntí ar bhealach trédhearcach atá oscailte do ghrinnscrúdú.

Aidhmeanna straitéiseacha

Tá ceithre phríomhaidhm straitéiseacha aitheanta ag BIM chun tacú lenár misean thar shaolré an phlean seo. Freastalóidh siad seo ar riachtanais ár gcliant agus cinnteoidh siad go mbeidh an tionscal in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dheiseanna sa todhchaí.

Aidhm 1

Iontrálaithe nua a mhealladh chuig an earnáil bia mara.

Aidhm 2

Conairí gairme a chruthú agus a chur chun cinn in earnáil an bhia mara.

Aidhm 3

Na cúrsaí cearta a sheachadadh, do na daoine cearta, ar an mbealach ceart.

Aidhm 4

Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a thógáil le haghaidh fáis.



Aidhm 1 - Iontrálaithe nua a mhealladh chuig an earnáil bia mara

Léiríonn taighde nach bhfuil cuardaitheoirí poist, mic léinn, tuismitheoirí, mic léinn agus comhairleoirí gairme go hiomlán ar an eolas faoi na gairmeacha éagsúla is féidir leis an earnáil bia mara a thairiscint. Tabharfaidh BIM faoi ghníomhaíochtaí soiléire chun aghaidh a thabhairt air seo, amhail feasacht a mhéadú ar éagsúlacht na ról is féidir leis an earnáil bia mara a thairiscint d'iontrálaithe nua.

Cuirfimid chun cinn cineál ardteicneolaíochta, nádúr tapa agus ardluacha na hearnála agus na deiseanna suntasacha gairme a bhaineann leis sin. Cuirfimid feachtas cumarsáide ar fáil chun feabhas a chur ar an dearcadh atá ag an earnáil bia mara mar earnáil dhinimiciúil, spreagúil chun slí bheatha a bhaint amach.

Fócas Gearrthéarmach (Bliain 1)

Gníomh	Táscaire Feidhmíochta
Measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar thug earnálacha eile in Éirinn agus thar lear aghaidh ar an dúshlán a bhaineann le hiontrálaithe a mhealladh chuig a n-earnáil faoi seach.	Tuarascáil Mheasúnaithe curtha i gcrích.
Creat cur chun cinn gairmeacha bia mara BIM a chruthú a chlúdaíonn an oiliúint go léir a chuireann BIM ar fáil. Leagfar amach anseo conas a chuirfimid oiliúint chun cinn agus tabharfar sainmhíniú ar ár spriocphobal.	Creat Cumarsáide Oiliúna forbartha.
Samhail Gairmeacha Bia Mara don Idirbhliain a fhorbairt.	Samhail oiriúnach measúnaithe agus roghanna curtha i láthair do pháirtithe leasmhara.
Imscrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun ardán agus meáin bolscaireachta ar fud na hearnála bia mara a fhorbairt, cosúil le Seomra Ranga Cianda Dobharshaothraithe BIM (ARC), chun cuairt a thabhairt ar scoileanna agus ar imeachtaí gairme. Is féidir leis seo oiliúint agus deiseanna gairme ar líne agus aghaidh ar aghaidh a chur chun cinn laistigh den earnáil bia mara níos leithne.	Imscrúdú a dhéanamh ar samhlacha maoinithe agus seachadta do mheáin agus d'ardán.

Fócas Meántéarmach (Bliain 2 agus 3)

Gníomh	Táscaire Feidhmíochta
Creat cur chun cinn gairmeacha bia mara BIM a chur i bhfeidhm a chlúdaíonn gach soláthar scileanna ag BIM.	Méadú tagtha ar eolas ar oiliúint agus éileamh ar oiliúint.
Samhail Gairmeacha Bia Mara don Idirbhliain ag feidhmiú.	Samhail i bhfeidhm agus oibríochtúil.
Dul i gcomhpháirtíocht le heintitis eile san earnáil phoiblí atá ag iarraidh lucht saothair níos ilghnéithí a earcú.	Comhaontuithe comhpháirtíochta cuí i bhfeidhm le comhpháirtithe straitéiseacha.
Ardán poiblíochta ar fud na hearnála bia mara a sheoladh, cosúil le Seomra Ranga Cianda Dobharshaothraithe BIM (ARC), chun cuairt a thabhairt ar scoileanna agus ar imeachtaí gairme.	Ardán poiblíochta ag feidhmiú.

Fócas Fadtéarmach (Bliain 4 agus 5)

Gníomh	Táscaire Feidhmíochta
Páirt a ghlacadh i ngrúpa páirtithe leasmhara chun cur chuige a chomhaontú agus plean a dhéanamh chun níos mó iontrálaithe a mhealladh isteach i ngairmeacha muirí, lena n-áirítear cois cladaigh agus amach ón gcósta, ar fud na soláthraithe seirbhíse go léir.	Cur chuige leathan, traspháirtithe leasmhara i leith gairmeacha muirí.

Aidhm 2 – Conairí gairme a chruthú agus a chur chun cinn in earnáil an bhia mara

Tá deis shuntasach ann do BIM conairí gairme soiléire céimnitheacha a chruthú agus a chur chun cinn dóibh siúd laistigh den earnáil bia mara.

Ceann de na dúshláin atá roimh an earnáil faoi láthair ná nach bhfuil bealaí chun dul isteach agus gairm bheatha a fhorbairt ar fud an tionscail bia mara soiléir. Tá sé sin fíor go háirithe in earnáil na hiascaireachta. Cé go bhfuil sé iomchuí go bhfuil gá le ham farraige agus oiliúint bhreise ag teastáil chun dul chun cinn a dhéanamh agus freagrachtaí níos mó a ghlacadh ar bord soithí, ba cheart an chonair ghairme sin a chur in iúl go soiléir.

I gcás inar féidir, ba cheart céimeanna incriminteacha oiliúna agus taithí a chruthú agus a éascú. Tá deiseanna ann d'oibrithe farraige atá ag aistriú go róil amach ón gcósta agus ar tír araon, agus cinnteoidimid go bhfuil siad sin leagtha amach go soiléir agus inrochtana.



Fócas Gearrthéarmach (Bliain 1)

Gníomh	Táscaire Feidhmíochta
Scileanna na ndaoine san earnáil bia mara a mhapáil. Smaoinigh ar scileanna inaistrithe agus róil fhéideartha in earnálacha bia mara agus in earnálacha muirí eile.	Cleachtadh mapála déanta agus anailís déanta ar shonraí.
Na scileanna agus na bearnaí scileanna atá san earnáil ghabhála a mhapáil agus iad a mheaitseáil le cúrsaí nó deiseanna foghlama atá ar fáil.	Cleachtadh mapála déanta agus anailís déanta ar shonraí.
Imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go mbeadh 'pas' ann d'earnáil na hiascaireachta in Éirinn chun stair fostaíochta, scileanna agus cáilíochtaí duine san earnáil a rianú.	Tuarascáil Mheasúnaithe déanta.
Measúnú a dhéanamh ar na samhlacha maoinithe atá ar fáil chun tacú le rannpháirtithe atá ag tabhairt faoi chlár oiliúna BIM.	Measúnú déanta agus na roghanna a cuireadh i láthair.
Staidéar féidearthachta a dhéanamh ar phrintíseacht i dtionscal an bhia mara, nó clár scileanna iascaireachta, a fhorbairt.	Tús curtha leis an staidéar féidearthachta.
Imscrúdú a dhéanamh ar dheiseanna do sholáthar cúrsaí 'micridhintiúra' bronnta ar BIM ar fud sheirbhísí scileanna BIM.	Tús curtha leis an staidéar féidearthachta.
Clár cumarsáide straitéisí dírithe ar fhostaithe san earnáil atá ann cheana ag cur béime ar dheiseanna gairme.	Clár cumarsáide straitéisí forbartha.

Fócas Meántéarmach (Bliain 2 agus 3)

Gníomh	Táscaire Feidhmíochta
Oibriú le comhpháirtithe chun tacú le samhail aistrithe cáilíochtaí. Thacódh sé seo le haistriú agus le hinaistritheacht daoine aonair chuig earnáil na hiascaireachta, agus chuig earnálacha eile sa gheilleagar muirí níos leithne.	Samhail dul chun cinn agus inaistritheacht scileanna tionscail éascaithe.
Samhail oiliúna a chruthú do shraith oiliúna praiticiúla gearra, ar thaobh na céibhe d'iascairí e.g. deisiú eangach, cáilíocht bia mara etc.	Measúnú déanta agus clár ag feidhmiú.
Iníúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht cáilíochtaí breise a thabhairt isteach, amhail ticéad faireoirí, chun cur ar chumas an chriú freagrachtaí breise a ghlacadh ina ról.	Measúnú agus réitigh fhéideartha leagtha amach.
Tacú le 'pas' d'earnáil na hiascaireachta in Éirinn a rianódh stair fostaíochta, scileanna agus cáilíochtaí an duine san earnáil.	Pas forbartha agus oibríochtúil.
Dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt printíseachta sa tionscal bia mara agus/nó ardchlár do mhairnéalaigh deice.	Clár deartha, acmhainnithe agus ag feidhmiú de réir mar is cuí.
Dámhachtainí micridhintiúir BIM a chur i bhfeidhm ar fud sheirbhísí scileanna BIM.	Dámhachtainí micridintiúir BIM ag feidhmiú.
Leanúint leis an gclár cumarsáide straitéiseach a chur i bhfeidhm a chuireann sraith iomlán de chlár oiliúna BIM chun cinn.	Méadú ar fheasacht ar chonairí gairme; méadú ar an éileamh ar oiliúint.

Fócas Fadtéarmach (Bliain 4 agus 5)

Gníomh	Táscaire Feidhmíochta
Clár cumarsáide straitéisí fadtéarmach a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara, chun béim leanúnach a leagan ar oiliúint agus ar ghairmeacha beatha muirí agus iad a chur chun cinn.	Méadú ar fheasacht ar chonairí gairme; méadú ar an éileamh ar oiliúint; rátaí coinneála feabhsaithe.
Múnla cumais foirne BIM a fhorbairt chun oiliúint a sholáthar a thacódh le caighdeánú an tsoláthair oiliúna. Bheadh cáilíochtaí agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) san áireamh, chun tacú le foireann BIM cláir uasoiliúna a sheachadadh.	Múnla cumais comhaontaithe, acmhainní curtha ar fáil agus ag feidhmiú.

Aidhm 3 – An oiliúint cheart a chur ar fáil do na daoine cearta ar an mbealach ceart

Cuirfidh BIM cláir oiliúna chuí ar fáil chun gairmiúlacht agus uailmhian na hearnála bia mara a threisiú. Chuige sin, beidh gá le meascán d'oiliúint atá ann cheana agus d'oiliúint nua chun tionscal sábháilte, inbhuanaithe agus ardhorbartha a chinntiú. Tá dúshlán shuntasacha ann maidir le baill foirne a earcú agus a choinneáil ar fud gach gnó bia mara. Chomh maith leis na scileanna atá ag teastáil faoi láthair a sheachadadh, tá ról tábhachtach ag BIM maidir le riachtanais scileanna amach anseo a chinneadh agus a phleanáil, ionas gur féidir linn a chur ar chumas na hearnála a bheith ar thús cadhnaíochta i ngnó bia mara agus scileanna teicniúla. Oibreoimid lenár gcliaint chun cabhrú leo uirlisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chuirfidh ar a gcumas an fhoireann atá ag teastáil uathu a earcú agus a choinneáil.

Cuirfear na scileanna ar fáil do chliaint chun go mbeidh rath orthu i ndomhan atá ag éirí níos digití, agus cuirfidh BIM oiliúint ar ardchaighdeán ar fáil chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimoirí sa seomra ranga agus san earnáil níos leithne.

Tá deis shuntasach ann tairiscintí cláir a dhigitiú faoin straitéis seo. Cumasóidh sé seo seachadadh éifeachtúil; mar sin féin, ní mór é seo a chothromú leis an gcineál ábhair a thairgtear chomh maith le próifíl an fhoghlaimora. Cuirfear cláir oiliúna nua ar fáil, agus cuirfear meascán d'ábhar aghaidh ar aghaidh agus ar líne ar fáil do mhic léinn.

Fócas Gearrthéarmach (Bliain 1)

Gníomh	Táscaire Feidhmíochta
Creat traseagraíochta a bhunú chun measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar an oiliúint a chuireann BIM ar fáil.	Creat tras-eagraíochtúil.
Imscrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun gach 'oiliúint' BIM a rianú agus a mheas do chliaint trí chóras CRM (Bainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí).	Measúnú déanta go himmheánach in BIM ar chumas an chórais CRM.
Imscrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht 'cúrsaí idirlinne' a fhorbairt chun scileanna muirí inaistrithe iascairí a chumasú go hearnálacha muirí eile.	Plé tosaigh déanta chun roghanna a phlé.
Plean acmhainn daonna a dhearadh agus a dhéanamh do thionscal do bhharshaothraithe na hÉireann.	Plean Acmhainn Daonna & Acmhainní do Dhobharshaothrú na hÉireann curtha i gcrích.
Anailís a dhéanamh ar shonraí tagarmharcála oiliúna agus scileanna a chuirtear ar fáil do BIM chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na hoiliúna amach anseo.	Tuairisc ar riachtanais forbartha déanta.
Sraith oiliúna scileanna comhlántacha a fhorbairt do theaghlaigh a thacaíonn le gnóachtaí bia mara.	Cúrsa oiliúna scileanna comhlántacha i bhfeidhm.
Seirbhís chomhairleach a sholáthar do chliaint a sholáthraíonn uirlisí praiticiúla dóibh chun earcú agus coinneáil foirne a bharrfheabhsú.	Seirbhís chomhairleach earcaíochta agus coinneála.
Clár oiliúna saincheaptha a fhorbairt do chliaint a sholáthraíonn an oiliúint a theastaíonn uathu, ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí dá ngnó.	Clár píolótach don earnáil phróiseála.

Fócas Meántéarmach (Bliain 2 agus 3)

Gníomh	Táscaire Feidhmíochta
Creat traseagraíochta a chur i bhfeidhm chun measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar oiliúint a chuireann BIM ar fáil, úsáid CRM san áireamh.	Creat deartha agus ag feidhmiú.
Aon mholtaí a eascraíonn as an staidéar féidearthachta do chúrsaí idirlinne a chur i bhfeidhm.	Moltaí i bhfeidhm.
Cúrsaí cumaisc agus cúrsaí ar líne a chruthú a fhreastalaíonn ar riachtanais ár bhfoghlaimoirí de réir mar is cuí.	Sraith cúrsaí cumaisc agus cúrsaí ar líne a chuirtear ar fáil don tionscal.
Ábhar foghlama nua a dhearadh le huirlisí dearaidh solúbtha a éascaíonn eispéiris tharraingteacha nua-aimseartha do mhic léinn.	Ábhar nua forbartha agus seachadta.
Réimse clár saincheaptha bainistíochta gnó, forbartha tallainne agus ceannaireachta a fhorbairt do cheannairí tionscail reatha agus amach anseo.	Athbhreithniú ar chleachtadh mapála scileanna agus réimse clár i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na bearnaí seo.
Plean Acmhainn Daonna agus Acmhainní a chur i gcrích don earnáil do Bharshaothraithe.	Plean acmhainne daonna don do Bharshaothrú athbhreithnithe, acmhainní curtha ar fáil agus curtha i bhfeidhm.
Sraith iomlán uirlisí earcaíochta agus coinneála a chur i bhfeidhm do chliant.	Foireann uirlisí earcaíochta agus coinneála.
Cláir oiliúna shaincheaptha a fhorbairt do gach gnó cliant.	Cláir oiliúna shaincheaptha.

Fócas Fadtéarmach (Bliain 4 agus 5)

Gníomh	Táscaire Feidhmíochta
Comhtháthú agus ailíniú na tairisceana oiliúna agus scileanna le seirbhísí nuálaíochta BIM, tar éis athbhreithniú ar sheirbhísí nuálaíochta BIM a chur chun feidhme.	Athbhreithniú déanta agus bearta curtha i bhfeidhm.

Aidhm 4 – Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt le haghaidh fáis

Tá áiseanna oiliúna gairmiúla, taithí shuntasach agus cáil láidir, seanbhunaithe ag BIM chun oiliúint a sheachadadh. Oibrímid mar chuid de líonra leathan náisiúnta soláthraithe oiliúna agus páirtithe leasmhara, ó ghníomhaireachtaí rialtais go dtí an tionscal príobháideach agus eagraíochtaí oiliúna muirbhunaithe eile.

Is féidir an líonra seo agus tionchar sholáthar oiliúna BIM a fheabhsú tuilleadh trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a thógáil agus a fhorbairt leis an earnáil scileanna agus oideachais níos leithne, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, chun BIM a shuíomh mar acmhainn ghairmiúil agus mar shaineolaí san earnáil oiliúna muirí.

Cinnteoídh na comhpháirtíochtaí straitéiseacha seo go mbainfidh BIM an leas is fearr as a chuid acmhainní, go bhfeabhsóidh sé a thionchar ar an tionscal agus go gcuirfidh sé a chuid seirbhísí ar fáil do réimse leathan cliant.

Beidh BIM in ann páirt a ghlacadh i bplé straitéiseach agus tionscnaimh a bhaineann le hoiliúint mhuirí in Éirinn agus iad a chur chun cinn.

Fócas Gearrthéarmach (Bliain 1)

Gníomh	Táscaire Feidhmíochta
Comhpháirtíochtaí atá ann cheana a athbhreithniú, a chatagóiriú agus a chur ar bhonn foirmiúil de réir mar is cuí.	Meabhráin Tuisceana agus Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse nuashonraithe.
Scéimeanna maoinithe cuí a fhorbairt le deiseanna chun tacú le mic léinn agus le forbairt scileanna san earnáil.	Scéim oiliúna agus forbartha acmhainne cuí curtha i bhfeidhm.
Éiceachóras oiliúna agus forbartha muirí na hÉireann a mhapáil.	Próiseas mapála tosaigh ar siúl le comhpháirtithe cuí.

Fócas Meántéarmach (Bliain 2 agus 3)

Gníomh	Táscaire Feidhmíochta
Leanúint ar aghaidh le comhpháirtíochtaí atá ann cheana féin a chur ar bhonn foirmiúil trí Mheabhráin Tuisceana (MOU) agus trí Chomhaontuithe Leibhéal Seirbhíse (SLA).	MOUanna agus SLAanna i bhfeidhm.
Comhpháirtíochtaí straitéiseacha breise a fhorbairt chun cláir chomhoibríocha oiliúna agus seirbhísí claint a sheachadadh.	Comhpháirtíochtaí a imscrúdaithe agus ag feidhmiú.
Rannpháirtíocht BIM in oideachas agus oiliúint mhuirí AE agus idirnáisiúnta a leathnú.	Rannpháirtíocht mhéadaithe le tionchair intomhaiste.

Fócas Fadtéarmach (Bliain 4 agus 5)

Gníomh	Táscaire Feidhmíochta
Oibriú le páirtithe leasmhara na hearnála muirí náisiúnta chun tacú le cur chuige náisiúnta i leith an oideachais agus na hoiliúna muirí agus é a fhorbairt.	Grúpa páirtithe leasmhara i bhfeidhm agus ag feidhmiú.
Comhoibriú foirmiúil a fhorbairt go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.	SLAanna agus MOUanna cuí i bhfeidhm.
Oibriú i gcomhar le soláthraithe oiliúna scileanna muirí eile chun cur chuige comhcheangailte a chomhaontú maidir le hoideachas agus oiliúint mhuirí náisiúnta.	Grúpa comhoibríoch i bhfeidhm.



Tomhas agus Tionchar na Straitéise

Bainfear úsáid as réimse beart chun ár ndul chun cinn a rianú maidir le huaillmhianta agus spriocanna na straitéise seo a bhaint amach.

Is iad sin:

- **Torthaí inchainníochtaithe** – oibiachtúil agus bunaithe ar fhíricí.
- **Teachtaireachtaí soiléire** – dár bpáirtithe leasmhara go léir.
- **Bearta Inghníomhaithe** – a sheachadann BIM, le tionchar, don tionscal.

Conclúid

Tacóidh uaillmhianta agus spriocanna na straitéise seo le hearnáil bhia mara na hÉireann dul i ngleic leis na dúshláin agus na deiseanna a bheidh ann sna blianta amach romhainn.

Is í an fhís atá ann ná earnáil atá aitheanta go forleathan agus tarraingteach, a thairgeann conair ghairme atá éagsúil agus fiúntach, le tacaíocht ó linn tallainne gairmiúil.



